BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

26 Márta 2026*

(Tarchur chun réamhrialú – Aontas custaim – Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 – Cód Custaim an Chomhphobail – Nósanna imeachta um allmhairiú agus um onnmhairiú – Luach custaim a chinneadh – Airteagal 32(1)(a)(ii) agus (b)(iv) – Coigeartú i leith costais arna dtabhú ag an gceannaitheoir – Costais a eascraíonn as seirbhísí doláimhsithe a bhaineann le teimpléid lipéad le haghaidh bia stánaithe – Coincheap 'coimeádáin' – Seirbhísí doláimhsithe a fheidhmítear laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh)

I gCás C-307/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Bundesfinanzhof (Cúirt Chónaidhme Fhioscach, an Ghearmáin), trí bhreith an 17 Eanáir 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 17 Bealtaine 2023, sna himeachtaí

G GmbH

v

Hauptzollamt H,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Biltgen, Uachtarán Dlísheomra, I. Ziemele (Rapóirtéir), A. Kumin, S. Gervasoni agus M. Bošnjak, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Szpunar,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– G GmbH, ag L. Harings, Rechtsanwalt,

– Hauptzollamt H, ag S. Hein,

– Rialtas na Fraince, ag G. Bain, J.-L. Carré agus B. Fodda, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

– an Coimisiún Eorpach, ag B. Eggers agus F. Moro, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 16 Deireadh Fómhair 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 32(1)(a)(ii) agus (b)(iv) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (IO 1992 L 302, lch. 1) ('an Cód Custaim').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir G GmbH agus Hauptzollamt H maidir le haisghabháil iar-imréitigh dleachtanna ar allmhairí a bhaineann le lipéid atá greamaithe de stáin bhia.

An dlí lena mbaineann

3 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 29(1) den Chód Custaim:

'Is é a bheidh i luach custaim earraí allmhairithe an luach idirbhirt, is é sin, an praghas iarbhír a íocadh nó a bheidh iníoctha iarbhír i leith na n-earraí nuair a dhíoltar iad arna n-onnmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Chomhphobail [Eacnamaíochta na hEorpa], arna choigeartú, i gcás inar gá, i gcomhréir le hAirteagail 32 agus 33 [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 32 den Chód sin:

'1. Agus an luach custaim á chinneadh faoi Airteagal 29, cuirfear an méid seo a leanas leis an bpraghas iarbhír a íocadh nó leis an bpraghas iarbhír a bheidh le híoc as na hearraí allmhairithe:

(a) na nithe seo a leanas, a mhéid a thabhaíonn an ceannaitheoir iad ach nach n-áirítear iad sa phraghas iarbhír a íocadh nó sa phraghas iarbhír a bheidh le híoc ar na hearraí:
   (i) coimisiúin agus bróicéireacht, ach amháin coimisiúin cheannaigh;
   (ii) costas na gcoimeádán a mbreathnaítear orthu, chun críocha custaim, bheith mar chuid de na hearraí atá i gceist;
   (iii) costas an phacáistithe, bíodh le haghaidh saothair nó ábhar;

(b) luach na n-earraí agus na seirbhísí a leanas, cionroinnte de réir mar is iomchuí, i gcás ina soláthraíonn an ceannaitheoir iad go díreach nó go hindíreach saor in aisce nó ar chostas laghdaithe chun leas a bhaint astu i dtaca leis na hearraí allmhairithe a tháirgeadh nó a dhíol le haghaidh onnmhairiú, a mhéid nár áiríodh an luach sin sa phraghas iarbhír a íocadh nó sa phraghas iarbhír a bheidh le híoc:
   (i) ábhair, comhpháirteanna, páirteanna agus nithe den sórt sin atá corpraithe sna hearraí allmhairithe;
   (ii) uirlisí, díslí, múnlaí agus earraí comhchosúla a úsáidtear i dtáirgeadh na n-earraí allmhairithe;
   (iii) ábhair a caitheadh chun táirgí allmhairithe a phróiseáil;

(iv) innealtóireacht, forbairt, saothar ealaíne, saothar deartha, agus pleananna agus sceitsí a dhéantar in áit eile seachas sa Chomhphobal agus atá riachtanach chun na hearraí allmhairithe a tháirgeadh;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Leis an Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO 1987 L 256, lch. 1), áirítear, i Roinn I de Chuid I, foroinn A, dar teideal 'Rialacha ginearálta maidir le léiriú na hainmníochta comhcheangailte'. Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht sa Riail Ghinearálta 5 maidir le haicmiú earraí mar a leanas:

'I dteannta na bhforálacha sin roimhe seo, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir leis na hearraí dá dtagraítear iontu:

(a) Maidir le cásanna ceamara, cásanna uirlisí ceoil, cásanna gunnaí, cásanna uirlisí líníochta, cásanna muince agus coimeádáin chomhchosúla, a shainchumtar nó a shainfheistítear chun earra sonrach nó tacar earraí a choimeád, ar rud é atá oiriúnach lena n-úsáid go fadtéarmach agus a chuirtear i láthair in éineacht leis na hearraí dá mbeartaítear iad, aicmeofar iad leis na hearraí sin nuair is de chineál iad a dhíoltar in éineacht leo de ghnáth. Níl feidhm ag an riail sin, áfach, maidir le coimeádáin is saintréith d'iomlán an earra;

(b) faoi réir fhorálacha riail 5(a), maidir le pacáistíocht [...] a chuirtear i láthair in éineacht leis na hearraí atá iontu, aicmeofar iad in éineacht leis na hearraí más de chineál iad a úsáidtear de ghnáth chun na hearraí sin a phacáil. Níl an fhoráil sin ina ceangal áfach nuair is soiléir gurb oiriúnach na hábhair phacála nó na coimeádáin phacála sin lena n-úsáid arís agus arís eile.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Sonraítear i bhfonóta 1 a ghabhann le riail ghinearálta 5(b) go gciallaíonn an téarma 'pacáistíocht' aon choimeádán inmheánach nó seachtrach, gabhdán, clúdach nó taca seachas gléasanna iompair, go háirithe coimeádáin, tarpóil, tácla nó trealamh coimhdeach iompair. Leis an téarma coimeádáin phacála ní chumhdaítear na coimeádáin dá dtagraítear i riail ghinearálta 5(a).

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear

7 Ón 12 Nollaig 2012 agus an 30 Bealtaine 2013, rinne G, úinéir stórais custaim sa Ghearmáin, 10 n-oibríocht imréitigh custaim le haghaidh earraí bia fadré stánaithe arna ndíol ag soláthróirí ó thríú tíortha, d'fhonn iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht faoin nós imeachta imréitigh áitiúil ar leas ceannaitheora. Chuir an ceannaitheoir teimpléad ar fáil do na soláthróirí, go leictreonach agus saor in aisce, a úsáideadh mar shamhail chun na lipéid atá le greamú de na stáin a tháirgeadh. Rinne na soláthróirí na lipéid sin a phriontáil agus a ghreamú de na cannaí. Rinne stiúideonna dearaidh sa Ghearmáin teimpléid na lipéad sin thar ceann an cheannaitheora agus ar chostas an cheannaitheora.

8 Sonraíodh sna dearbhuithe luacha custaim an méid a bhí ar an gceannaitheoir a íoc leis na soláthróirí i gcomhréir leis na conarthaí díolacháin a bhí ina gceangal orthu, lena n-áirítear, sa bhreis ar chostas na n-earraí bia, costais na pacáistíochta miondíola, agus costas priontála agus greamaithe lipéad, ach gan na costais arna dtabhú ag an ceannaitheoir maidir le dearadh na dteimpléad.

9 Le measúnú cánach, a eisíodh an 20 Feabhra 2014, d'aisghabh Hauptzollamt H na dleachtanna custaim iar-imréitigh, ar mhéid EUR 1412.61, a chomhfhreagraíonn do na costais a bhaineann le dearadh teimpléad na lipéad atá greamaithe de na cannaí a áireamh sna luachanna custaim dearbhaithe.

10 Rinne cúirt chéadchéime an chaingean a thionscain G i gcoinne an fhógra sin a dhíbhe ar an bhforas go bhfuil an lipéad a thugann tuairisc ar inneachar an stáin agus a chuireann chun cinn é doscartha leis an stán féin mar choimeádán de réir bhrí Airteagal 32(1)(a)(ii) den Chód Custaim.

11 Thug G achomharc i gcoinne an bhreithiúnais ag an gcéad chéim os comhair an Bundesfinanzhof (an Chúirt Fhioscach Chónaidhme, an Ghearmáin), arb í an chúirt a rinne an tarchur í. Tugann an chúirt sin dá haire go gcinntear luach custaim na n-earraí a allmhairítear isteach i gcríoch an Aontais ar bhonn luach an idirbhirt, lena gcuirtear na costais dá dtagraítear in Airteagal 32 den Chód Custaim.

12 De réir na cúirte sin, níl aon amhras ach gur 'coimeádáin' iad na stáin a úsáideann G de réir bhrí Airteagal 32(1)(a)(ii) den Chód sin, nach mór a gcostais mhonaraíochta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na stáin féin mar aon le priontáil agus greamú an lipéid orthu, a chur san áireamh chun an luach custaim a chinneadh, ós rud é gur aonad doscartha é an lipéad sin in éineacht leis na cannaí.

13 Tugann sí faoi deara, áfach, nach bhfuil conclúid den sórt sin soiléir a mhéid a bhaineann leis na costais maidir leis na seirbhísí doláimhsithe deartha le haghaidh theimpléad na lipéad atá greamaithe de na stáin sin. Féadfaidh na seirbhísí is gá le haghaidh an dearaidh sin teacht faoi raon feidhme 'innealtóireacht, staidéir, saothar ealaíne, saothair deartha, agus pleananna agus sceitsí' dá dtagraítear in Airteagal 32(1)(b)(iv) den chód sin.

14 É sin ráite, sa chás sin, faoin bhforáil sin, ní gá an luach custaim a choigeartú ar bhonn na gcostas a bhaineann leis na seirbhísí sin ach amháin ar choinníoll go ndearnadh na seirbhísí sin lasmuigh de chríoch an Aontais Eorpaigh, rud nach amhlaidh sa chás seo, ós rud é gur dearadh na teimpléid atá i gceist sa Ghearmáin.

15 Sa chomhthéacs sin, chinn an Bundesfinanzhof (an Chúirt Chónaidhme Fhioscach) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'An gcaithfear an costas táirgthe, i gcríoch chustaim an Aontais Eorpaigh, a bhaineann le teimpléid phriontála le haghaidh lipéad a chur leis an luach idirbhirt faoi Airteagal 32(1)(a)(ii) nó Airteagal 32(1)(b)(iv) den Chód Custaim más rud é go gcuireann an ceannaitheoir atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais na teimpléid phriontála ar fáil saor in aisce i bhfoirm leictreonach do na soláthróirí sa tríú tír?'

An cheist a tharchuirtear

16 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, Airteagal 32(1)(a)(ii) agus (b)(iv) den Chód Custaim a léiriú sa chaoi nach mór na costais a eascraíonn as seirbhísí doláimhsithe deartha le haghaidh theimpléad na lipéad atá greamaithe de stáin bhia arna n-allmhairiú isteach i gcríoch an Aontais Eorpaigh a chur leis an bpraghas iarbhír a íocadh nó atá iníoctha i leith na n-earraí allmhairithe sin, i gcás inar ullmhaíodh na teimpléid sin ar iarratas agus ar chostas an cheannaitheora i gcríoch an Aontais agus inar cuireadh ar fáil saor in aisce iad do sholáthróirí i bhfoirm leictreonach.

17 Ós rud é nach sainítear go sainráite sa Chód Custaim an bealach ina gcaithfear le costais den sórt sin chun críoch custaim, ní mór na forálacha dá dtagraítear sa cheist sin a léiriú ní hamháin trína bhfoclaíocht a chur san áireamh ach freisin trína gcomhthéacs agus trí na cuspóirí a shaothraítear leis an rialachán ar cuid díobh iad a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Nollaig 2025, *Storstockholms Lokaltrafik*, C-422/24, EU:C:2025:980, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

18 Sa chéad áit, maidir le foclaíocht na bhforálacha sin, foráiltear le hAirteagal 32(1)(a)(ii) den Chód Custaim, chun an luach custaim a chinneadh, go gcuirfear ‘costas na gcoimeádán a mbreathnaítear orthu, chun críocha custaim, bheith mar chuid de na hearraí atá i gceist’ leis an bpraghas iarbhír a íocadh nó a bheidh le híoc as na hearraí allmhairithe.

19 Faoi Airteagal 32(1)(b)(iv) den Chód sin, cuirfear luach ‘innealtóireacht, forbairt, saothar ealaíne, saothar deartha, agus pleananna agus sceitsí’ a úsáidtear i dtáirgeadh agus i ndíol na n-earraí allmhairithe lena n-onnmhairiú leis an bpraghas iarbhír a íocadh nó a bheidh le híoc as na hearraí allmhairithe freisin, i gcás ina soláthraíonn an ceannaitheoir na hearraí agus na seirbhísí sin go díreach nó go hindíreach saor in aisce nó ar chostas laghdaithe, ar choinníoll go ndearnadh iad ‘lasmuigh den Chomhphobal’ agus go bhfuil siad ‘riachtanach chun na hearraí allmhairithe a tháirgeadh’.

20 Chun idirdhealú a dhéanamh idir raon feidhme an dá fhoráil sin faoi seach, ní mór a thabhairt faoi deara go mbaineann Airteagal 32(1)(b)(iv) den Chód sin le costais na n-earraí agus na seirbhísí is gá chun ‘earraí allmhairithe’ a tháirgeadh, cé go dtagraíonn Airteagal 32(1)(a)(ii) den Chód sin do chostas ‘na gcoimeádán a mbreathnaítear orthu, chun críocha custaim, bheith mar chuid de na hearraí atá i gceist’.

21 Is léir ón ordú tarchuir gur dhearbhaigh G luach custaim na n-earraí atá i gceist sna príomhimeachtaí, ag cur san áireamh, go háirithe costas a gcoimeádáin, eadhon costais táirgthe na stán agus costais phriontála na lipéad atá greamaithe díobh, gan na costais a bhaineann leis na seirbhísí doláimhsithe deartha le haghaidh theimpléad na lipéid sin a chur san áireamh, áfach.

22 Ní dhéantar an t-aicmiú mar ‘earraí agus seirbhísí’, de réir bhrí Airteagal 32(1)(b) den Chód Custaim, a thugtar do na seirbhísí doláimhsithe atá riachtanach chun na teimpléid a chuirtear ar fáil do sholáthróirí na n-earraí allmhairithe go leictreonach chun na lipéid atá i gceist sna príomhimeachtaí a phriontáil a dhíospóid os comhair na cúirte a rinne an tarchur. I ndáil leis sin, cinneadh, a mhéid a thagraíonn foclaíocht na forála sin go sainráite do ‘earraí’ nó ‘seirbhísí’, nach bhfuil a raon feidhme teoranta d’earraí inláimhsithe (breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2020, *BMW*, C-509/19, EU:C:2020:694, mír 18).

23 É sin ráite, mar a meabhraíodh i mír 20 den bhreithiúnas seo, tagraíonn Airteagal 32(1)(b)(iv) den Chód sin do chostais na n-earraí agus na seirbhísí atá riachtanach chun na 'hearraí allmhairithe' a tháirgeadh.

24 Os a choinne sin, déantar idirdhealú le foclaíocht Airteagal 32(1)(a)(ii) den Chód sin idir na hearraí sin agus a 'gcoimeádáin', ós rud é go luaitear an téarma sin go sainráite san fhoráil sin.

25 I ndáil leis sin, de réir fhonóta 1 a ghabhann le Riail Ghinearálta 5, a áirítear i Roinn A de Theideal 1 de Chuid a hAon den Ainmníocht Chomhcheangailte ina bhfuil Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 2658/87, baineann an téarma 'coimeádán' leis an téarma 'pacáistíocht', a mhéid a thagraíonn an téarma sin do 'choimeádáin sheachtracha agus inmheánacha, gabhdán, clúdach nó taca'. Thairis sin, i gcomhréir leis an gcásdlí, tagraíonn an coincheap 'pacáistíocht' do choimeádáin atá oiriúnach ní hamháin chun earraí a iompar ach freisin chun iad a stóráil agus a mhargú (breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 1988, *Schmid*, 357/87, EU:C:1988:478, mír 8).

26 A mhéid atá na seirbhísí doláimhsithe a bhaineann le dearadh teimpléad na lipéad dá dtagraítear san ordú tarchuir beartaithe chun na lipéid atá greamaithe de na stáin allmhairithe a phriontáil, ní chuirtear cosc le foclaíocht Airteagal 32(1)(a)(ii) den Chód Custaim ar na costais a bhaineann leo a bheith in ann baint a bheith acu le 'coimeádáin', de réir bhrí na forála sin, ar choinníoll gur gné iad na teimpléid sin a bhfuil dlúthbhaint acu leis na coimeádáin sin.

27 I ndáil leis sin, ní féidir leis an gceist an féidir na lipéid sin a dheighilt ó na stáin a bheith cinntitheach le haghaidh measúnú den sórt sin. Cuirtear faisnéis ar fáil ar na lipéid, go háirithe, maidir leis an méid is féidir a bheith sa bhia allmhairithe, a sheilfré, nó fiú moltaí maidir le conas a inneachar a ullmhú agus/nó a thomhailt, rud atá riachtanach chun an bia sin a mhargú agus a d'fhéadfadh, i gcás inarb iomchuí, a úsáid a éascú.

28 Mar sin féin, ní fhágann easpa lipéad atá greamaithe de na cannaí, i bprionsabal, nach féidir a n-inneachar a úsáid, agus mar thoradh air sin ní féidir a mheas go bhfuil na lipéid sin ina ndlúthchuid d'inneachar na stán sin, ná go bhfuil siad riachtanach chun iad a tháirgeadh de réir bhrí Airteagal 32(1)(b)(iv) den Chód sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2020, *BMW*, C-509/19, EU:C:2020:694, mír 20).

29 Dá bhrí sin, d'ainneoin nach bhfuil aon léiriú soiléir i bhfoclaíocht Airteagal 32(1)(a)(ii) den Chód Custaim ná i bhfoclaíocht Airteagal 32(1)(b)(iv) den Chód sin maidir leis an gcaoi nach mór na costais a eascraíonn as seirbhísí doláimhsithe deartha le haghaidh theimpléad na lipéid atá greamaithe de stáin bhia chun críoch custaim, d'fhéadfadh na costais sin teacht faoi chatagóir chostais na gcoimeádán, de réir bhrí Airteagal 32(1)(a)(ii) den Chód sin, ós rud é go bhfuil dlúthnasc idir na teimpléid sin agus na coimeádáin arb iad na stáin bhia sin iad, agus is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé é sin a fhíorú.

30 Sa dara háit, maidir le comhthéacs Airteagail 32(1)(a)(ii) agus (b)(iv) den Chód sin agus scéim na bhforálacha sin, ba cheart a mheabhrú, faoi Airteagal 29 den Chód sin, gurb é luach custaim earraí allmhairithe a luach idirbhirt, eadhon an praghas iarbhír a íocadh nó atá iníoctha i leith na n-earraí nuair a dhíoltar iad lena n-onnmhairiú chuig críoch chustaim an Aontais, faoi réir, áfach, aon choigeartuithe a d'fhéadfadh a bheith le déanamh, sa chás inarb iomchuí, i gcomhréir, *inter alia*, le hAirteagal 32 den Chód Custaim (breithiúnas an 9 Meitheamh 2022, *Baltic Master*, C-599/20, EU:C:2022:457, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Mar a luaigh an Chúirt cheana féin, ní mór an luach custaim a chinneadh go príomha de réir mhodh 'luacha idirbhirt' na n-earraí allmhairithe. Glactar leis, dá bhrí sin, gurb é an modh sin chun an luach custaim a chinneadh an modh is iomchuí agus is minice a úsáidtear (breithiúnas an 9 Meitheamh 2022, *Baltic Master*, C-599/20, EU:C:2022:457, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Dá bhrí sin, is é an praghas iarbhír a íocadh nó a bheidh iníoctha i leith na n-earraí allmhairithe, mar riail ghinearálta, an bonn chun an luach custaim a ríomh, fiú más fachtóir é an praghas sin a d'fhéadfadh a bheith le coigeartú (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Meitheamh 2022, *Baltic Master*, (C-599/20, EU:C:2022:457, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Go háirithe, leagtar amach in Airteagal 32 den Chód Custaim na heilimintí atá le cur leis an bpraghas iarbhír a íocadh nó bheidh iníoctha i leith na n-earraí allmhairithe, chun a luach custaim a chinneadh.

34 I ndáil leis sin, mar a cuireadh in iúl i mír 20 den bhreithiúnas seo, tagraítear go sonrach in Airteagal 32(1)(a)(ii) den Chód sin do 'choimeádáin' na n-earraí allmhairithe, agus baineann Airteagal 32(1)(b)(iv) den Chód sin, os a choinne sin, le luach na hoibre atá riachtanach chun 'na hearraí allmhairithe' a tháirgeadh go ginearálta.

35 Agus an méid sin á dhéanamh, leagtar síos in Airteagal 32(1)(a)(ii) den Chód Custaim riail shonrach maidir le luach custaim earraí allmhairithe a choigeartú ar bhonn costais a léiríonn dlúthnasc lena gcoimeádán, gan beann ar chineál na seirbhísí lena mbaineann na costais sin, seachas Airteagal 32(1)(b)(iv) den Chód sin, lena bhforáiltear do choigeartú ar bhonn na seirbhísí doláimhsithe atá riachtanach chun na hearraí allmhairithe a tháirgeadh, gan aon idirdhealú sonrach idir na hearraí féin agus a gcoimeádáin.

36 Cé, chun luach custaim 'earraí allmhairithe' a choigeartú, de réir bhrí Airteagal 32(1)(b) den Chód Custaim, go bhfuil soiléiriú geografach sainráite san fhoráil sin, i mír (iv), maidir le háit feidhmíochta na seirbhísí doláimhsithe dá dtagraítear ann, ní thugtar aon soiléiriú comhionann in Airteagal 32(1)(a)(ii) den Chód sin maidir le haon choigeartú ar an luach sin ar bhonn chostais mhonaraíochta choimeádáin na n-earraí sin. Sna himthosca sin, bhí sé beartaithe ag reachtas an Aontais scéim coigeartaithe ar leith a thabhairt isteach de réir mar a bhaineann na costais atá i gceist le seirbhísí doláimhsithe a bhfuil dlúthbhaint acu le coimeádáin na n-earraí allmhairithe nó le seirbhísí den sórt sin i gcás ina bhfuil siad riachtanach chun na hearraí allmhairithe féin a tháirgeadh.

37 Tá cineál sonrach Airteagal 32(1)(a)(ii) den Chód Custaim i bhfabhar na gcostas a bhaineann le seirbhísí doláimhsithe a bhfuil dlúthbhaint acu le coimeádáin earraí allmhairithe a chur faoi réir na scéime coigeartaithe luacha custaim céanna leis an scéim a fhorchoimeádtar le haghaidh na gcostas a bhaineann leis na táirgí agus na seirbhísí inláimhsithe atá riachtanach chun na coimeádáin sin a mhonarú. Sa chomhthéacs sin, chun scéim coigeartaithe dhifriúil a chur i bhfeidhm maidir leis na costais a bhaineann leis na seirbhísí doláimhsithe sin, bheadh gá le tagairt shainráite chuige sin ó reachtas an Aontais, amhail an tagairt in Airteagal 32(1)(b)(iv) den Chód sin maidir leis na hearraí agus na seirbhísí is gá chun na hearraí allmhairithe a tháirgeadh.

38 Dá bhrí sin, ní mór a mheas go bhfuil feidhm ag Airteagal 32(1)(a)(ii) den Chód sin maidir leis na costais go léir a bhfuil dlúthbhaint acu le monarú choimeádáin na n-earraí, mar is cosúil i gcás na gcostas a eascraíonn as na seirbhísí doláimhsithe deartha le haghaidh na dteimpléad atá i gceist sna príomhimeachtaí.

39 Sa tríú háit, saothraítear le rialacha an Chóid Custaim a bhaineann le luach custaim a chinneadh an cuspóir córas cothrom, aonfhoirmeach agus neodrach a bhunú lena n-eisiatar úsáid luachanna custaim treallacha nó samhailteacha. Dá bhrí sin, ní mór don luach custaim fíorluach eacnamaíoch na n-earraí allmhairithe a léiriú agus, dá bhrí sin, gnéithe uile na n-earraí sin a bhfuil luach eacnamaíoch acu a chur san áireamh (breithiúnas an 9 Meitheamh 2022, *Baltic Master*, C-599/20, EU:C:2022:457, mír 24).

40 I ndáil leis sin, níl aon díospóid ann go bhfuil luach eacnamaíoch áirithe agus inchainníochtaithe ag seirbhísí doláimhsithe a bhaineann le dearadh teimpléad le haghaidh lipéid atá greamaithe de stáin. Trí chostais na seirbhísí sin a chur san áireamh, rannchuidítear leis an gcuspóir a bhaint amach maidir le luach custaim a chomhfhreagraíonn d'fhíorluach eacnamaíoch na n-earraí allmhairithe a chinneadh.

41 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear nach mór Airteagal 32(1)(a)(ii) agus (b)(iv) den Chód Custaim a léiriú sa chaoi nach mór na costais a eascraíonn as seirbhísí doláimhsithe deartha le haghaidh theimpléid na lipéad atá greamaithe de stáin bhia arna n-allmhairiú isteach i gcríoch an Aontais Eorpaigh a chur leis an bpraghas iarbhír a íocadh nó a bheidh iníoctha i leith na n-earraí allmhairithe sin, i gcás inar ullmhaíodh na teimpléid sin ar iarratas agus ar chostas an cheannaitheora i gcríoch an Aontais agus inar cuireadh ar fáil saor in aisce iad do sholáthróirí i bhfoirm leictreonach, ar choinníoll go bhfuil dlúthbhaint ag na teimpléid sin le coimeádáin na n-earraí allmhairithe.

Costais

42 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 32(1)(a)(ii) agus (b)(iv) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

Ní mór na costais a eascraíonn as seirbhísí doláimhsithe deartha le haghaidh theimpléid na lipéid atá greamaithe de stáin bhia arna n-allmhairiú isteach i gcríoch an Aontais Eorpaigh a chur leis an bpraghas iarbhír a íocadh nó a bheidh iníoctha i leith na n-earraí allmhairithe sin, i gcás inar ullmhaíodh na teimpléid sin ar iarratas agus ar chostas an cheannaitheora i gcríoch an Aontais agus inar cuireadh ar fáil saor in aisce iad do sholáthróirí i bhfoirm leictreonach, ar choinníoll go bhfuil dlúthbhaint ag na teimpléid sin le coimeádáin na n-earraí allmhairithe.

[Sínithe]